## 1 Réamhrá

Is ceart an Cód Iompair a dtugtar achoimre air thíos a léamh i gcomhar le hAcht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, Meamram Airgeadais an Fhorais Teanga, Scéim Chomhionannais an Fhorais Teanga agus an *North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland Order 1999)*. Bítear ag súil go gcoinneoidh Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga / *Tha Boord o Leid* na caighdeáin is airde seirbhíse poiblí mar a léirítear sna luachanna thíos agus go leanfaidh siad an Cód Iompair mar threoirlínte don chleachtas is fearr.

Bítear ag súil go n-urramóidh Comhaltaí Boird go hiomlán aon ghné de Chód Iompair a cheadóidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas, lena n-áirítear na gnéithe sin a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis agus fógairtí leasa.

Gníomhóidh an Foras Teanga / *Tha Boord o Leid* go straitéiseach maidir le pleanáil agus polasaí, rachaidh sé i mbun saintionscnamh, maoineoidh sé tionscnaimh agus eagraíochtaí seachtracha, agus cuirfidh sé ar fáil an leibhéal cuí soláthair foirne, bainistíochta agus seirbhísithe inmheánaigh chun cuspóirí a bhaint amach.

Beidh an Foras Teanga / *Tha Boord o Leid* cuntasach don Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas agus tríd an gcomhlacht sin beidh sé cuntasach do Thionól Thuaisceart Éireann agus don Oireachtas, agus dá Ranna Urraíochta cuí.

## 2 Luachanna a mbítear ag súil leo uathu sin atá ag obair sa tSeirbhís Phoiblí

Is ceart go dtuigfeadh Comhaltaí na luachanna thíos a shainaithnítear mar rud lárnach dóibh sin ar mian leo dul le seirbhís phoiblí, agus go gcloífidís leis na luachanna sin.

- **Neamhchlaontacht** – Is ceart go mbeadh Comhaltaí ar an eolas i gcónaí faoina ndualgas i ndáil le maoirseacht ar chistí poiblí chomh neamhspleách agus is féidir gan fabhar;

- **Cuntasacht** – Tá an Bord cuntasach don phobal agus dá Ranna urraíochta, agus is ceart go mbeadh sé ullamh lena chur faoi pé scrúdú a oireann. Is ceart go mbeadh an Bord ar an eolas faoina ról i ndáil le maoirseacht ar chistí poiblí (lena n-áireofaí gach táille agus foinse eile ioncaim/caiteachais), agus go mbeadh sé ar an eolas i gcónaí ar a mhéid atá spriocanna fíorthábhachtacha á mbaint amach;

- **Ionracas** – Ní ceart go mbainfeadh Comhaltaí leas as a bpost chun aon íocaíocht nó cúiteamh eile a fháil, toiliú nó glacadh lena leithéid nó iarracht a dhéanamh a leithéid a fháil as dualgas a bhaineann lena seirbhís. Ní ceart go bhfaighidís aon leas a d'fhéadfadh go dearbh nó go soiléir amhras a tharraingt ar a mbreithiúnas nó ionracas;

- **Oibiachtúlacht** – Le linn do Chomhaltaí cinntí a ghlacadh agus gnó poiblí a dhéanamh ina n-áirítear ceapacháin phoiblí a dhéanamh,

conarthaí a bhronnadh nó moltaí a dhéanamh i leith luach saothair agus sochair, is ceart go ndéanfaidís roghanna de réir fiúntais i gcónaí;

- **Oscailteacht** – Is ceart go mbeadh an Bord chomh hoscailte agus is féidir faoi gach cinneadh agus próiseas óna n-eascraíonn cinntí, agus faoi ghníomhartha a dhéanann siad. Is ceart go míneofaí cinntí agus nach srianfaí faisnéis ach má tá an leas poiblí níos leithne i gceist. Is ceart go ndéanfadh an Bord go hiomlán de réir na bprionsabal Rialtais Oscailte agus cloí leis an Chód um Saoráil faisnéise ceadaithe ag CATT;

- **Tuisceanacht** – Is ceart go gcinnteodh an Bord go bhféadfadh sé a chruthú go bhfuil sé ag baint úsáide as acmhainní le dea-thoradh agus gan réasún le critic go bhfuiltear á n-úsáid ar chúiseanna príobháideacha, claonta nó polaitiúla. Is ceart go gcinnteodh an Bord gur ann do nós imeachta maidir le gearáin, ina n-áirítear míriaradh agus ina gclúdaítear teip chun rochtain ar fhaisnéis a chur ar fáil;

- **Macántacht** – Tá dualgas ar Chomhaltaí leasanna príobháideacha a fhógairt a bhaineann lena gceapachán agus céimeanna a ghlacadh chun aon choinbhleachtaí féideartha a réiteach a chosnaíonn iad féin agus an leas poiblí araon. Is ceart go gcomhlánfadh Comhaltaí Dearbhú Leasa ar a laghad uair gach bliain agus sin a uasdátú de réir mar is cuí;

- **Ceannaireacht** – Bítear ag súil go gcuirfidh Comhaltaí an Cód Iompair seo agus na prionsabail seo chun cinn trí dea-shampla;

- **Luach ar Airgead** – Is ceart go ndéanfadh Comhaltaí maoirseacht ar sheachadadh seirbhísí intí, agus ar sheachadadh na seirbhísí sin dá bhfothairgtear, mar na seirbhísí is eacnamaíche, is éifeachtaí agus is éifeachtúla, le measúnacht chuí ar fheidhmíocht.

## 3 Caidreamh le hEagraíochtaí Comhpháirtíochta

Déanfaidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas an fhrámaíocht polasaí agus airgeadais a fhoirmíonn an Foras Teanga / *Tha Boord o Leid* a cheadú, agus ceadóidh sí a Phlean Corparáideach agus a Phlean Oibríochta, lena n-áirítear spriocanna feidhmíochta fíorthábhachtacha.

Cuirfidh na Ranna urraíochta comhairle ar a nAirí féin faoi oibriú agus polasaí an Fhorais Teanga / *Tha Boord o Leid*.

Sa Mheamram Airgeadais leagtar amach na nósanna imeachta airgeadais agus na socruithe cuntasachta a rialaíonn na socruithe airgeadais idir an Foras Teanga / *Tha Boord o Leid* agus na Ranna urraíochta. Tagraítear dóibh sin freisin i ngnéithe den Chód thíos.

## 4 Pleanáil Straitéiseach agus Stiúradh na hEagraíochta

Is ceart go gceadódh Comhaltaí an Plean Corparáideach agus an Plean Oibríochta, agus go gcinnteoidís go gcloífí le straitéisí na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas.

## 5 Freagrachtaí na gCathaoirleach

Beidh na Comh-Chathaoirligh freagrach go príomha as ceannaireacht straitéiseach an Fhorais Teanga / *Tha Boord o Leid* agus cuirfidh sé nó sí úsáid an Chóid Iompair chun cinn. Nuair a théann Comhaltaí Boird i mbun poist is ceart go gcinnteodh an Cathaoirleach go dtugtar mionteagasc go cuí dóibh faoina gceapachán agus faoin gCód, faoina ndualgais, faoina gcearta agus faoina bhfreagrachtaí. Is ceart go ndéanfadh an Cathaoirleach deimhin de go bhfuil ag gach Comhalta Boird cóip den Chód Iompair agus de na Buan-Orduithe don Fhoras Teanga / *Tha Boord o Leid*, agus gach tuairisc chúlra bhainteach eile lena n-áirítear an Plean Oibríochta agus an Plean Corparáideach, cuntais nuashonraithe agus an Meamram Airgeadais. Is ceart go gcinnteodh an Cathaoirleach go bhfreastlaíonn na Comhaltaí Boird ar chúrsa ar dhualgais Chomhaltaí Boird comhlachtaí poiblí.

Is ceart go mbeadh an Cathaoirleach comhréireach i ndáil le:

- **Straitéis** - smaointeoireacht straitéiseach a spreagadh agus ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil;
- **Sampla agus cuibheas** – an Bord agus an fhoireann ball a stiúradh, agus gníomhú le sampla cóir maidir leis na Cóid;
- **Cloí le haidhmeanna na Rann urraíochta** – a chinntiú go gcloíonn an Bord le haidhmeanna agus frámaíocht polasaí na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas;
- **Tuairimí an Bhoird a léiriú go poiblí –** an eagraíocht agus a raon cúraimí a chur chun cinn a éifeachtúla is féidir;
- **Measúnacht ar Chomhaltaí den Bhord** – measúnacht ar fheidhmíocht na gComhaltaí Boird a sholáthar má iarrann na Ranna urraíochta nó an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas é, ina n-áirítear, b'fhéidir, athcheapadh féideartha don Bhord nó do chomhlacht poiblí eile;
- **Cruinnithe Boird a riar** – a chinntiú go dtagann an Bord le chéile go tráth rialta, ag comhlíonadh amscálaí comhaontaithe nuair a oireann, ag déanamh cathaoirleachta go cuí ar na cruinnithe sin de réir na mbuanorduithe, agus a chinntiú go gcoinnítear taifid chuí agus chruinne ar na cruinnithe;
- **Ionadaíocht an Bhoird le Ranna urraíochta agus maoinitheoirí** – ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Bhoird agus na heagraíochta leis na Ranna urraíochta agus leis an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas

nuair is cuí, mura dtiomnaítear an t-údarás sin do Chomhaltaí eile den Bhord. Ar ghnóthaí laethúla déanfar idirchaidreamh leis na Ranna urraíochta tríd an bPríomhfheidhmeannach agus tríd an bhfoireann shinsearach;

- **Caidreamh idir an fhoireann agus an Bord –** a chinntiú go dtugtar mionteagasc cuí do Chomhaltaí láithreacha agus nua faoin eagraíocht agus go bhfaigheann siad an doiciméadú cuí go léir. Ina theannta sin, déanfaidh an Cathaoirleach cúrsa ionduchtúcháin do na Comhaltaí go léir a éascú. Cinnteoidh an Cathaoirleach go dtugtar mionteagasc do na Comhaltaí go léir ar chaidreamh oiriúnach le baill foirne maidir le freagrachtaí straitéiseacha agus saincheisteanna bainistíochta laethúla.

## 6 Dualgais nó/agus Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Is ceart go mbeadh Comhaltaí an Bhoird ar an eolas go hiomlán faoin gCód Iompair agus go dtoileoidís leis mar *threoirlínte* dá seirbhís ar an bhForas Teanga / *Tha Boord o Leid*, lena n-áirítear cloí le prionsabail agus luachanna an tsaoil phoiblí mar a shainaithnítear thuas. Tríd is tríd, is ceart go gcloífeadh Comhaltaí an Bhoird lena ndualgas maidir lena gcuid feidhmeanna poiblí a chomhlíonadh go réasúnach agus de réir an dlí, agus na caighdeáin eiticiúla a rialaíonn a ról a aithint. Ar an gcaoi sin is ceart dóibh a chinntiú go n-urramaíonn an Foras Teanga / *Tha Boord o Leid* ceanglais reachtúla agus riaracháin maidir le cistí poiblí a úsáid agus go gcomhlíonann sé na freagrachtaí dlíthiúla a fhorchuirtear air. Is ceart go ndéileálfaidís (agus go ndéileálfadh baill foirne an Fhorais Teanga / *Tha Boord o Leid*) leis an bpobal go héifeachtach agus le hionbhá, ag coinneáil an chaighdeáin is airde iompair agus seirbhíse is féidir.

Is ceart go leanfadh Comhaltaí an Bhoird prionsabail an tsaoil phoiblí mar atá siad leagtha amach sna haguisíní agus go gcinnteoidís go gcomhlíonann siad na treoirlínte atá i bhfeidhm maidir leis an gcleachtas is fearr.

- **Cloí le riachtanais seirbhíse poiblí maidir le dualgais reachtúla, airgeadais agus riaracháin** – a chinntiú go n-oibríonn an Bord laistigh de theorainneacha a údaráis reachtúil agus aon údaráis tiomnaithe ag an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas, agus de réir coinníollacha a ghabhann le cistí poiblí a úsáid;

- **Caighdeáin arda ionracais a chothabháil** – agus treorú a eisíonn an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas a chomhlíonadh sna cinntí a dhéantar;

- **Cloí le stiúradh agus comhairle na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas** – a chinntiú go bhfuil aidhmeanna agus cuspóirí an Fhorais Teanga / *Tha Boord o Leid* i gcomhréir le haidhmeanna agus cuspóirí na Rann urraíochta agus na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas;

- **Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus baint amach na físe corparáidí** – an Plean Corparáideach iomchuí agus an Plean

Oibríochta iomchuí a chomhaontú agus spriocanna feidhmíochta a shocrú;

- **Gníomhú laistigh d'údarás reachtúil agus aon choinníollacha eile a chuireann na Ranna urraíochta i bhfeidhm –** déanamh gach tráth de réir na gCód a cheadaíonn an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas, agus de réir na rialacha a bhaineann le cistí poiblí a úsáid;

- **Caighdeáin iomchuí agus freagracht pearsan aonair a chur i bhfeidhm –** mar phearsana aonair agus maidir leis an gcaighdeán is airde rialaithe chorparáidigh;

Agus is ceart dóibh a chinntiú go gcloíonn siad leis an treorú seo a leanas:

- **Páirtíocht páirtí pholaitiúil –** is féidir le Comhaltaí dul i mbun gníomhaíochta polaitiúla ach is ceart dóibh a bheith comhfhiosach i gcónaí faoina ndualgais phoiblí agus críonnacht cheart a léiriú. Bítear ag súil nach rachaidh siad i mbun post íoctha ná ról ardphróifíle neamhíoctha i bpáirtí polaitiúil. Ní bhainfidh Comhaltaí úsáid as a bpost ar Bhord an Fhorais Teanga / *Tha Boord o Leid* ar mhaithe le tairbhe páirtí pholaitiúil nó tairbhe polaitiúil pearsanta agus ní dhéanfaidh siad d'aon turas an Foras Teanga / *Tha Boord o Leid* a nascadh le haon pháirtí polaitiúil ar leith. I gcás gnóthaí a théann i gcion ar obair an Fhorais Teanga / *Tha Boord o Leid* go díreach, ní ceart dóibh óráidí polaitiúla a thabhairt ná dul i mbun gníomhaíochtaí polaitiúla eile;

- **Polasaí comhshaoil** – Is ceart go gcinnteodh Comhaltaí go n-oibríonn an Foras Teanga / *Tha Boord o Leid* polasaí slán comhshaoil laistigh de na treoirlínte agus den reachtaíocht sa dá dhlínse;

- **Saincheisteanna comhionannais** – Is ceart go gcinnteodh Comhaltaí go gcomhlíonann oibriú an Bhoird agus an Fhorais Teanga / *Tha Boord o Leid* an reachtaíocht comhionannais i bhfeidhm sa dá dhlínse;

- **Comhaltaí aonair a scor as oifig** – Is ceart go mbeadh Comhaltaí ar an eolas gur féidir iad a scor as oifig má theipeann orthu na dualgais lena mbítear ag súil uathu a chomhlíonadh nó mura sroicheann siad na caighdeáin pháirtíochta lena mbítear ag súil sa saol poiblí mar a thuairiscítear sa Chód. Is féidir leis an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas Comhalta a scor as a p(h)ost:

    - *má theipeann air nó uirthi a c(h)uid feidhmeanna a chomhlíonadh ar feadh tréimhse trí mhí gan leithscéal réasúnach;*
    - *má chiontaítear i gcoir é/í;*
    - *má dhéantar ordú féimheachta ina (h)aghaidh, nó má dhéanann sé/sí comhshuíomh nó socrú lena c(h)uid creidiúnaithe;*
    - *mura bhfuil sé/sí in ann nó oiriúnach a c(h)uid feidhmeanna a chomhlíonadh.*

- **Ar fhágáil an Bhoird** – Beifear ag súil go gcoinneoidh Comhaltaí an rúndacht maidir le hoibriú an Bhoird agus maidir le gach plé agus cinneadh déanta mar chuid den Bhord.

## 7 Dualgas Poiblí agus Leas Príobháideach / Coinbhleacht Leasa

Is ceart go mbeadh Comhaltaí ar an eolas faoi na contúirtí a ghabhann le coinbhleacht leasa fíor nó measta fad a sheirbheáiltear ar Bhord an Fhorais Teanga / *Tha Boord o Leid*.

- **Rialacha don luath-aithint –** Is ceart go bhfógródh Comhaltaí a luaithe is féidir go praiticiúil aon leas díreach nó indíreach (airgid nó eile) a bhaineann, dar leo, le haon ghné dá ról mar Chomhalta agus a bhféadfaí a mheas go mbeadh claonadh aige i mbreithiúnas;

- **Fógairtí leasanna –** Ní mór do gach Comhalta den Bhord aon leasanna pearsanta, pobail nó gnó a d'fhéadfadh teacht salach ar a gcomhaltas den Bhord a fhógairt. Is ceart é sin a dhéanamh ag tús a dtionachta oifige agus a athnuachan go bliantúil agus de réir mar is cuí le linn gach bliain ina dhiaidh sin;

- **Clárú leasanna ar bhonn bliantúil –** Coinneoidh an Bord clár leasanna inar ceart a áireamh liosta leasanna díreacha nó indíreacha airgid agus neamhairgid de chuid Chomhaltaí an Bhoird a bhféadfadh daoine den phobal a mheas fúthu go n-imreoidís tionchar ar bhreithiúnas na gComhaltaí Boird. Clárófar freisin leasanna díreacha nó indíreacha airgid agus neamhairgid gharbhaill teaghlaigh (1) agus na ndaoine sin a chónaíonn sa teaghlach céanna le Comhaltaí an Bhoird. Is ceart an clár sin a nuashonrú de réir mar, agus nuair, a bhaineann leas le Comhalta aonair den Bhord agus tá sé mar fhreagracht ar an gComhalta sin den Bhord é a ardú. Beidh freagracht ar an gCathaoirleach as idirchaidreamh a dhéanamh le Comhaltaí an Bhoird faoi nithe a áireamh ar an gclár, faoi mhaoirseacht a dhéanamh ar an nuashonrú rialta agus faoi fhoilsiú bliantúil an chláir. Agus an clár á oscailt don phobal is ceart go gcinnteodh an Bord cúrsaíocht chomh leathan agus a bhaineann le hábhar agus go n-áireofaí na sonraí sa tuarascáil bhliantúil;

(1) Folóidh garbhaill teaghlaigh céilí/páirtithe, tuismitheoirí, leanaí (aosacha agus mionaoiseacha), deartháireacha, deirfiúracha agus céilithe/páirtithe aon duine díobh sin.

- **Bronntanais/Fáilteachas** – Is ceart go mbeadh na Comhaltaí faichilleach nuair a ghlacann siad le fáilteachas nó bronntanais [d'aon chineál], ach go háirithe ó eagraíochtaí nó pearsana aonair a bhfuil leas airgid nó eile acu, nó a bhféadfadh a leithéid a bheith acu sa todhchaí, in oibriú an Fhorais Teanga / *Tha Boord o Leid.* Is ceart go gcinnteodh Comhaltaí Boird go n-urramaíonn siad polasaí an Bhoird maidir le glacadh le bronntanais agus fáilteachas.

- **Oscailteacht –** Is ceart go ndéanfadh Comhaltaí straitéis a bhreithnniú maidir le cloí le haon chód cleachtais ar rochtain ar fhaisnéis Rialtais, agus go bhfolódh sí polasaí ar fhreagairt phras ar fhiosruithe poiblí;

- **Faisnéis oifigiúil a chosaint** – Ní mór do Chomhaltaí faisnéis oifigiúil a chosaint atá ina seilbh nó a fhaightear faoi rún le linn dóibh a gcuid dualgas mar Chomhaltaí Boird a chomhlíonadh agus déanamh de réir aon cheanglais dlí ina leith sin;

- **Faisnéis oifigiúil a nochtadh** – Ní bhainfidh Comhaltaí úsáid/mí-úsáid as faisnéis a fhaightear mar Chomhalta den Bhord dá leas príobháideach féin nó do leas príobháideach daoine eile nó do leas polaitiúil, agus ní chuirfidh siad a leas príobháideach nó daoine, cuideachtaí, gnólachtaí nó eagraíochtaí eile a bhfuil nasc acu leo chun cinn;

- **Rúndacht** – Ní nochtfaidh Comhaltaí faisnéis rúnda ná sonraí aon phlé agus gnó a dhéantar ag cruinnithe Boird le pearsana aonair, le heagraíochtaí nó leis an bpobal lasmuigh den Bhord;

- **Ceanglais dhlíthiúla agus leasanna –** Is ceart go bhfaigheadh an Bord comhairle dlí ar iarmhairt aon fhorálacha reachtúla a bhfuil feidhm acu leis, agus aon ghnó éiginnteachta maidir le dliteanais Chomhaltaí;

- **Tarraingt siar ó chruinnithe –** Is gá nach nglacfaidh Comhaltaí den Bhord páirt i bplé nó i gcinneadh ar ghnóthaí ina bhfuil leas díreach airgid nó neamhairgid acu. Caithfidh Comhaltaí bheith aireach nuair atá coimhlint leasa airgid nó neamhairgid acu (bíodh an choimhlint sin díreach nó indíreach) nár chóir dóibh páirt ar bith a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta ar eagla go dtabharfaí le fios nó go mbeadh an chuma ar an scéal go raibh an próiseas féin claon.

  Is ceart go bhfolódh leas iomchuí leas de chuid Comhalta, garghaoil teaghlaigh nó duine a chónaíonn sa teaghlach céanna, gnólacht nó eagraíocht lena bhfuil an Comhalta nasctha. D'fhéadfadh sé go bhfolódh sé bronnadh tairiscintí nó deontas nó saincheist sochair dá leithéid don phearsa aonair, don ghnólacht nó don eagraíocht. Is ceart an leas airgid nó neamhairgid a fhógairt (maidir leis an gComhalta nó garghaol teaghlaigh nó duine a chónaíonn sa teaghlach céanna, gnólacht nó eagraíocht lena bhfuil an Comhalta nasctha) roimh thús an phlé nó a luaithe a éiríonn coinbhleacht soiléir, agus é a thaifeadadh sna miontuairiscí ansin.

  I ndáil leis an staid thuas bítear ag súil go dtarraingeoidh an Comhalta Boird siar ón gcruinniú le linn an phlé agus an chinnidh ar an ngnó i gceist, mar go bhféadfaí a mheas go mbeadh cinneadh nó breithiúnas na gComhaltaí eile den Bhord claonta i ngeall ar láithreacht leanúnach an Chomhalta sin.

  Nuair a thagann an staid sin chun solais, ar leasanna airgid agus neamhairgid araon, ní ceart ach an cinneadh i ndáil leis an ngnó a chur in iúl don Chomhalta/do na Comhaltaí a tharraing siar ón gcruinniú de dheasca coinbhleachta.

- **Staid maidir le grúpaí údaraithe** – Is ceart go mbeadh Comhaltaí ar an eolas go mbíonn feidhm ag an roinn faoi *Tarraingt siar ó chruinnithe*

nuair atá nasc ag Comhaltaí le heagraíocht nó grúpa atá páirteach sa phlé a d'fholódh sochar airgid nó neamhairgid don eagaíocht nó grúpa; agus gur ceart go mbeadh feidhm ag na rialacha fógartha agus siartharraingthe freisin. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá ag an mBord le comhairle sheachtrach nuair atá rannpháirteachas leanúnach sa phlé agus sa chinneadh ó Chomhalta inghlactha ag cuimhneamh ar a ról ionadaíochta thar ceann eagraíochta seachtraí nó grúpa sheachtraigh. Is féidir le Comhaltaí, áfach, ar shaincheist neamhairgeadais, aighneacht a dhéanamh thar ceann grúpa nó eagraíochta ar leith. Ní ceart é sin a dhéanamh ach sa chás go bhfuil a leas fógartha, go bhfuil ceadú an Bhoird acu, agus go dtarraingíonn siad siar ó aon phlé agus cinneadh a bhaineann leis an tsaincheist idir chamáin nó leis an ngrúpa nó eagraíocht. Ní ceart go bhfaighidís miontuairiscí an phlé agus an chinnidh ansin.

Nuair atá tairiscint, conradh nó deontas i gceist, ní ceart go ndéanfadh Comhaltaí den Bhord aighneacht nó go bhfreastalóidís ar chur i láthair thar ceann eagraíochta ina bhfuil leas acu, ach amháin má thoilíonn an Bord a mhalairt. Ní ceadmhach dóibh faisnéis rúnda a fhaightear mar Chomhalta den Bhord a chur ar fáil don eagraíocht sin a d'fhéadfaí a fhorléiriú mar bhuntáiste á thabhairt don eagraíocht sa nós imeachta um thairiscintí nó um sholáthar deontais.

## 8 Dliteanas Pearsanta

- **Comhdhliteanas agus dliteanas pearsan aonair** – Is dóichí go mbeidh aon imeachtaí dlíthiúla a thionscnaítear in aghaidh an Fhorais Teanga / *Tha Boord o Leid* in aghaidh an Bhoird go comhchoiteann mar chomhlacht corparáideach, cé gur ceart go mbeadh Comhaltaí ar an eolas go bhféadfadh cásanna aonair a bheith bainteach le hábhar i roinnt cásanna sa dlí sibhialta nó coiriúil. Ní bheidh ar aon Chomhaltaí den Bhord a ghníomhaigh le dea-rún, go hionraic agus go réasúnach, gan faillí agus ag cloí leis na treoirlínte seo, aon dliteanas sibhialta pearsanta a íoc as a n-acmhainní pearsanta féin;

- **Árachas agus slánaíocht** – Is ceart go gcinnteodh na Cathaoirligh go bhfuil cumhdach cuí slánaíochta nó árachais curtha ar fáil ag an bhForas Teanga / *Tha Boord o Leid* do Chomhaltaí an Bhoird.

## 9 Tiomnú Freagrachtaí/Dualgas

- **Tascanna laethúla foirne laistigh den fhrámaíocht straitéiseach a shocraíonn an Bord** – Is ceart gnóthaí bainistíochta laethúla a thiomnú do bhaill foirne a mhéad is féidir go praiticiúil laistigh den fhrámaíocht atá comhaontaithe ag an mBord agus go gcloífí leis an Meamram Airgeadais maidir le ról agus freagrachtaí foirne agus Comhaltaí den Bhord.

- **Struchtúir choistí** – Is ceart coistí a bhunú más gá agus is ceart go n-áireofaí iontu Coiste Iniúchta dá bhforáiltear sa lámhleabhar. Is ceart aon bhunú Coiste a thaifeadadh go cuí i miontuairiscí an Bhoird. Ní ceart go gcuirfeadh coistí isteach ar thasc bainistíochta laethúla na foirne.

## 10 Cuntasacht le Cistí Poiblí

Is ceart go mbeadh Comhaltaí an Bhoird eolach faoin gcaidreamh idir an Foras Teanga / *Tha Boord o Leid* agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas, agus faoina gcuntasacht don Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas, agus tríothu sin do Thionól Thuaisceart Éireann agus don Oireachtas.

Is ceart go mbeadh Comhaltaí ar an eolas de shíor faoin ngá le maoirseacht a dhéanamh ar úsáid chuí, éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní, agus an úsáid sin a chinntiú, agus is ceart go bhfaighidís eolas agus comhairle ar na gnóthaí sin ón bPríomhfheidhmeannach.

- **Caomhnóirí sócmhainní –** Ní mór do Chomhaltaí a bheith ar an eolas faoina gcuid oibleagáidí agus freagrachtaí mar chaomhnóirí maoinithe phoiblí agus gníomhú laistigh dá n-oibleagáidí agus dualgais reachtúla;
- **Úsáid eacnamaíoch agus éifeachtach acmhainní –** Is ceart go gcinnteodh an Bord go mbaintear an úsáid is éifeachtaí, is éifeachtúla agus is eacnamaíche as acmhainní gach tráth;
- **Ról Coistí/Coiste Iniúchta** – Is féidir le Comhaltaí coistí a bhunú de réir mar is gá chun riar cuí ghnó an Bhoird a chinntiú, ach is ceart ach go háirithe go mbunóidís coiste chun déileáil le gnóthaí airgeadais mionsonraithe i gCoiste Iniúchta. Is ceart go mbeadh Comhalta Boird neamhfheidhmiúcháin, nach é/í an Cathaoirleach é/í, a bhfuil taithí aige/aici ar ghnóthaí airgeadais, sa chathaoir ar an gCoiste Iniúchta. Oibreoidh an Coiste Iniúchta go dlúth leis an Oifigeach Cuntasaíochta ar ceart go bhfreastalódh sé/sí ar gach cruinniú seachas nuair atá feidhmíocht an Oifigigh Cuntasaíochta féin á phlé. Is ceart moltaí aon choiste a chur faoi bhráid an Bhoird le haghaidh ceadaithe. Ní ceart go gcuirfeadh coistí isteach ar an údarás a thiomnaítear don fhoireann chun an eagraíocht a oibriú. Is ceart go ndéanfaí athbhreithniú bliantúil ar bhallraíocht gach coiste. Is ceart go ndéanfadh an Cathaoirleach athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht gach coiste.

## 11 Tuairisciú Bliantúil

- **Táirgeadh sásra tuairiscithe bhliantúil agus foilsiú cuntas** – Is ceart go n-áireodh an Bord sa tuarascáil bhliantúil ráiteas iomlán cuntas agus conas atá acmhainní poiblí úsáidte aige chun aidhmeanna na heagraíochta a bhaint amach. Is ceart cuntais a ullmhú de réir na dtreoirlinte óna Ranna urraíochta, le ceadú ón Roinn Airgeadais. Go hidéalach, is ceart gur doiciméad amháin atá sa tuarascáil bhliantúil agus sna cuntais, le fógraíocht chuí. Is ceart go bhfolódh sí ráiteas ó na

hIniúchóirí ag dearbhú comhréire leis na cuntais bhliantúla. Is ceart í a chur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus dhá Theach an Oireachtais ansin de réir an Chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann faoinar bunaíodh na Comhlachtaí Thuaidh/Theas, agus an Meamram Airgeadais;

- **Cloí le treorú don chuntasaíocht lena n-áirítear ceapadh Iniúchóra** – Is ceart comhairle ar chuntasaíocht a ghlacadh ó Oifigeach Cuntasaíochta na heagraíochta, ina n-áirítear trí oibriú an Choiste Iniúchta. Déanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Thuaidh agus Theas, iniúchadh ar bhonn bliantúil bunaithe ar an úsáid is éifeachtaí a bhaintear as acmhainní agus seachadadh na seirbhíse is fearr;

- **Gníomhaíochtaí, spriocanna agus tuarastail a nochtadh** – Is ceart iad seo a áireamh sa tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear tuairisc iomlán ar ghníomhaíochtaí chun aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach agus a mhéad atá príomhspriocanna agus príomhchuspóirí bainte amach. Is ceart ainmneacha agus sonraí tuarastail Chomhaltaí reatha an Bhoird agus foireann shinsearach na heagraíochta a áireamh sa tuarascáil bhliantúil chomh maith.

## 12 Ról na Foirne Sinsearaí/An Príomhfheidhmeannach

- **Freagrachtaí foriomlána** – Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistiú agus rialú foriomlán a c(h)uid den eagraíocht agus as Plean Corparáideach agus Plean Gnó a bhaineann lena c(h)uid den Fhoras Teanga / *Tha Boord o Leid* a chur i bhfeidhm. Is ceart go n-áireofaí ansin, i measc nithe eile, iompar, disciplín agus stuamacht airgeadais agus tá sé seo leagtha amach níos cruinne sa Mheamram Airgeadais. Is ceart go dtaispeánfadh na Príomhfheidhmeannaigh an cheannaireacht riachtanach mar a luaitear thuas lena n-áirítear cloí le prionsabail agus luachanna dualgais phoiblí. Is ceart go dtacódh Comhaltaí an Bhoird leis an bPríomhfheidhmeannach i mbainistiú agus rialú na heagraíochta;

- **Ceannaireacht agus feidhm bainistíochta** – Ní mór don Phríomhfheidhmeannach ceannaireacht a thaispeáint mar a léirítear thuas agus féadfaidh sé/sí an eagraíocht a riar, lena n-áirítear athruithe ábhartha a dhéanamh sa structhúr bainistíochta, le comhairliúchán cuí leis an mBord, leis an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas, leis na Ranna urraíochta, le Tionól Thuaisceart Éireann agus leis an Oireachtas;

- **Ról an Oifigigh Cuntasaíochta** – Is iad na Príomhfheidhmeannaigh na hOifigigh Chuntasaíochta ainmnithe, atá freagrach as acmhainní a úsáid go héifeachtach, go heacnamaíoch agus go héifeachtúil agus as cuibheas caiteachais. Is ceart go gcinnteodh na Príomhfheidhmeannaigh go bhfuil córais chuí i bhfeidhm agus go gcloíonn a c(h)uidan Foras Teanga / *Tha Boord o Leid* leis na treoracha bainteacha go léir ó na Ranna urraíochta agus ó na Ranna Airgeadais, nó ó Thionól Thuaisceart Éireann agus ón

Oireachtas. Is ceart go gcinnteodh na Príomhfheidhmeannaigh go gcuirtear an chomhairle chuí ar fáil don Bhord ar na gnóthaí sin;

- **Comhairle don Bhord** – Cuirfidh na Príomhfheidhmeannaigh aon chomhairle a bhaineann leis an mBord ar fáil, ach go háirithe maidir le hoibleagáidí faoin gCód agus le rialacháin airgeadais, dhlíthiúla agus eile.

**13 Saincheisteanna a bhaineann le Fostaíocht**

- **Cloí le hoibleagáidí reachtacha bainteacha –** Is ceart go gcinnteodh an Bord go n-urramaítear gach oibleagáid dhlíthiúil agus go bhfostaítear baill foirne a chomhlíonfaidh a gcuid dualgas de réir na n-oibleagáidí reachtacha go léir don eagraíocht ina hiomláine;

- **Aidhmeanna agus cuspóirí a shocrú agus a mhíniú don fhoireann –** Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistíocht laethúil na foirne ina c(h)uid den eagraíocht agus míneoidh sé nó sí go hiomlán na cuspóirí feidhme agus straitéiseacha mar a shocraíonn an Bord iad don fhoireann;

- **Cloí le cleachtais bhainistíochta –** Comhlíonfaidh an Príomhfheidhmeannach na hoibleagáidí go léir maidir le bainistíocht, cóireáil agus breithmheas foirne, agus cinnteoidh sé nó sí go bhfuil bearta cuí forbartha, oiliúna agus comhairle foirne i bhfeidhm;

- **Cód Iompair don Fhoireann** – Cinnfidh an Bord ar Chód Iompair don Fhoireann atá le ceadú ag an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas chun ligean do bhaill foirne saincheisteanna imní maidir le hiompar nó cuibheas a ardú le hoifigeach nó Comhalta den Bhord agus más gá ina dhiaidh sin le hoifigeach i Roinn urraíochta;

- **Freagracht as nósanna imeachta um earcaíocht agus roghnú** – Is ceart go gcinnteodh an Bord go leantar na nósanna imeachta cuí um earcaíocht laistigh de na hoibleagáidí reachtacha, bunaithe ar fhiúntas agus comhionannas deiseanna;

- **Freagracht as rochtain ar dheiseanna oiliúna a chinntiú –** Mar atá thuas agus bainteach le baill foirne agus Comhaltaí an Bhoird;

- **Cosaint Sonraí –** Cuirfidh na Príomhfheidhmeannaigh comhairle ar an mBord chun a chinntiú go gcloíonn an Foras Teanga / *Tha Boord o Leid* le hoibleagáidí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí i ngach dlínse leis an gComhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann faoina mbunaítear na Comhlachtaí Forfheidhmithe;

- **Monatóireacht ar fheidhmíocht na bPríomhfheidhmeannach** – Is ceart go mbeadh Comhaltaí ar an eolas faoina gcuid freagrachtaí maidir le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na

bPríomhfheidhmeannach agus is ceart go gcomhaontóidís ar na próisis agus na critéir faoina n-oibreoidh sí / sé. .

## 14 An Cód Iompair a Chur Chun Feidhme

Is ceart go gcinnteodh an Bord ar Chód Iompair dá fhostaithe mar a chinntítear d'eagraíochtaí den chineál seo.

Is ceart go mbeadh fostaithe ar an eolas faoi nósanna imeachta chun gearáin a dhéanamh faoin gCód Iompair d'fhostaithe mar atá cinntithe ag an mBord.

## 15 Prótacal idir Comhaltaí den Bhord agus idir Comhaltaí den Bhord agus an Fhoireann

Tá cearta ag Comhaltaí den Bhord agus ag an bhfoireann araon a gcuid dualgas a chomhlíonadh chomh maith agus is féidir leo saor ó chur isteach agus brúnna gan ghá. Má chreideann Comhaltaí den Bhord go bhfuiltear ag iarraidh orthu, mar phearsana aonair nó go comhchoiteann mar chuid den Bhord, cloí le polasaí nó cleachtas:

- atá neamhdhleathach, éaguibhiúil nó mí-eiticiúil;
- a sháraíonn cód gairmiúil;
- a bhféadfadh míriaradh, calaois nó mí-úsáid cistí poiblí a bheith ann;
- atá ar neamhréir leis an gCód Iompair comhaontaithe;

is ceart dóibh:

1) an gnó a ardú leis an gCathaoirleach leis an aidhm é a réiteach nó go dtabharfaí aird an Bhoird air faoi rún más mian sin;

2) athbhreithniú ar an gceist a iarraidh tríd an gCoiste Iniúchta nó trí fhochoiste iomchuí eile;

3) má tá sé nó sí míshásta leis an toradh i gcónaí, agus i ndiaidh do na nósanna imeachta sin a bheith curtha i bhfeidhm, an gnó a ardú i bhfoirm scríbhinne le hoifigeach ainmnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas.

Nó má chreideann baill foirne go bhfuiltear ag iarraidh orthu feidhmeanna a chomhlíonadh atá ar neamhréir le gnáthfheidhmeanna fostaíochta is ceart dóibh an gnó a ardú leis an maoirseoir foirne cuí, agus mura ndéantar sin é a ardú leis an bPríomhfheidhmeannach. Is féidir leis an mball foirne a iarraidh go n-ardófaí saincheist go díreach leis an gCathaoirleach chun go ndéileálfaidís léi mar is rogha leo.

## 16 Athruithe sa Chód Amach Anseo

Féadfaidh an Foras Teanga / *Tha Boord o Leid* an Cód Iompair a athrú de réir mar is gá agus is cuí, le ceadú na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas.